Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026
(OR. en)

10701/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0261(COD)**

CODEC 1220
POLCOM 222
COMER 108
USA 26
COTRA 54
AGRI 511
PECHE 249

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus maidir le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 28 Lúnasa 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 207(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. An 16 Meitheamh 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[2]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 12303/25 + COR 1 + ADD 1 + ADD 1 COR 1.
[2] 10429/26.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus a mholadh don Chomhairle an seasamh sin, mar a leagtar amach in PE-CONS 32/26 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- a chinneadh go bhfoilseofar na ráitis atá in Aguisín 1 i Sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.